

Preaseisiúint ó FRA

Vín, 21 Meitheamh 2018

## Taifid níos fearr chun tacú le híospartaigh fhuathchoireachta

**Beidh taifeadadh níos fearr ar fhuathchoireacht ar fud an Aontais Eorpaigh ina chuidiú leis na Ballstáit leanúint leis an bhfadhb dhianseasmhach seo a chomhrac. Tugtar sa tuarascáil is déanaí ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha fianaise láidir maidir leis an méid atá á dhéanamh cheana féin ag Ballstáit, le leideanna maidir le conas is féidir leo feabhsú.**

*“Ní mór faisnéis mhaith a chur ar fáil chun fuathchoireacht a chosc,” a deir Stiúrthóir FRA [Michael O’Flaherty](#). “Chun teachtaireacht láidir agus soiléir a thabhairt nach nglactar le fuath san Eoraip, ní mór do Bhallstáit a bheith níos cliste sa chur chuige le fuathchoireacht a thomhas. Tá an tuarascáil úsáideach seo ina príomhacmhainn chun na hiarrachtaí sin a threorú.”*

Leanann suirbhéanna íospartha, amhail na cinn a rinne FRA, le béim a leagan ar an gcaoi a leantar le fuathchoireacht agus le ciapadh spreagtha ag fuath i gcoinne go leor grúpaí ar fud an AE, amhail imircigh, daoine LGBTI agus mionlaigh. Mar sin féin, is annamh a bhíonn scéal difriúil le fail i staitisticí oifigiúla, a bhaineann an bonn den mhuintir sochaíoch sna córais atá ann chun iad a chosaint.

Léirítear sa tuarascáil [‘Hate crime recording and data collection practice across the EU’](#) go n-aithníonn póilíní náisiúnta, reachtóirí agus lucht déanta beartas an gá le taifeadadh fuathchoireachta a fheabhsú. Admhaíonn siad go gcabhróidh sé seo le gealltanais na mBallstát a chomhlíonadh maidir le claontacht a chomhrac agus sochaithe cuimsitheacha a chruthú.

Cuireann achoimre na tuarascála ar chleachtais ar fud 28 mBallstát le gníomhaíochtaí fhoghrúpa FRA [ar mhodheolaíochtaí le sonraí fuathchoireachta a thaifeadadh agus a bhailiú](#) agus leis an [gcoimre staitisticí de chleachtais atá le fáil ar líne](#). Ag tarraingt ar na cleachtais seo, tugtar le fios inti conas a d’fhéadfadh Ballstáit a fheabhsú:

- Ba cheart dóibh sonraí mionsonraithe a bhailiú maidir leis na claonta éagsúla atá taobh thiar den fhuathchoireacht. Ní dhéanann ach 15 Bhallstát miondealú ar shonraí fuathchoireachta faoi láthair. Chuirfeadh sonraí den chineál sin ar chumas na bpóilíní monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach is atá a gcuid freagraí agus muinín a atógáil i measc pobal.
- Ba cheart dóibh suirbhéanna íospartha rialta a dhéanamh chun léargas níos fearr a fháil ar an staid náisiúnta. Ní dhéanann ach naoi mBallstát suirbhéanna den chineál ina bhfuil ceisteanna go sonrach faoi fhuathchoireacht.
- Ba cheart dóibh leas a bhaint as eolas na sochaí sibhialta trí chomhar a neartú idir fórsaí póilíní agus an tsochaí shibhialta i réimsí amhail oiliúint agus for-rochtain.
- Ba cheart d’fhórsaí póilíneachta a áirithiú go mbíonn cultúr níos fulangaí ag gach leibhéal dá gcuid seirbhíse chun meas agus tuiscint níos leithne a spreagadh i leith íospartach féideartha fuathchoireachta.

- Ba cheart go mbeadh ar phóilíní measúnú a dhéanamh i gcónaí le fáil amach an bhfuil na coireanna spreagtha ag fuath lena chinntiú go bhféadfar na coireanna a ionchúiseamh mar is ceart. Cuireann 15 Bhallstát treoir ar fáil dá n-oifigigh cheana féin; ba cheart don chuid eile déanamh amhlaidh.

**Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le:**

[media@fra.europa.eu](mailto:media@fra.europa.eu) / Teil.: +43 1 580 30 642